Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 16 Eanáir 2026**

**CM 1243/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0229(NLE)**

**RECH
COMPET
IND
PROCED**

**TEACHTAIREACHT**

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | research@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 6896 |
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1173 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488<br>**-** DEIREADH an nós imeachta i scríbhinn |

Cuirtear na toscaireachtaí ar an eolas gur cuireadh an nós imeachta i scríbhinn, arna oscailt ag CM 1148/26 an 15 Eanáir 2026, i gcrích an 16 Eanáir 2026 agus gur vótáil na toscaireachtaí uile i bhfabhar ghlacadh an RIALACHÁIN ÓN gCOMHAIRLE *lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1173 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488*, mar a leagtar amach in 16311/1/25 REV 1 é (en).

Sroicheadh an tromlach cáilithe ba ghá. Dá bhrí sin, glactar an Rialachán thuasluaite ón gComhairle.

Atáirgtear an ráiteas ón bhFrainc, ón bPolainn, ón Ostair, ón Danmhairg, ón tSeicia, ón nGearmáin, ón Liotuáin, ón Spáinn, ón Ísiltír agus ón tSualainn san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo.

Déanfar an ráiteas thuas a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh trí nós imeachta i scríbhinn mar ráiteas atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

***Ráiteas ón bhFrainc, ón bPolainn, ón Ostair, ón Danmhairg, ón tSeicia, ón nGearmáin, ón Liotuáin, ón Spáinn, ón Ísiltír agus ón tSualainn***

***Athdhearbhaímid go bhfuilimid lántiomanta don tionscnamh um Ghigeamhonarchana IS****, ar cloch mhíle ríthábhachtach é i bhforbairt chumais IS san Eoraip. Is ar an gcúis sin go beacht nach bhfuil sé i gceist againn bac a chur ar ghlacadh an rialacháin; is mian linn* ***páirt chuiditheach a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha is gá*** *sula seolfar an glao ar thograí.*

*Is den mheon sin is mian linn aird a tharraingt ar na hábhair imní maidir le roinnt saincheisteanna criticiúla. Chun formhuiniú iomlán a ráthú sna céimeanna amach romhainn,* ***is den ríthábhacht é go léireofar soiléireacht leordhóthanach, stóinseacht dhlíthiúil, agus breithniú cuimsitheach ar leasanna agus rannpháirtíocht na mBallstát****.*

*Is ábhar imní iad* ***soiléireacht agus stóinseacht dhlíthiúil na n-gnéithe****, cuir i gcás na nótaí teicniúla, arna soláthar ag an gCoimisiún chun an Rialachán a chur chun feidhme go fóill, go háirithe ós rud é go bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh na Ballstáit gealltanais cheangailteacha faoi cheann cúpla seachtain. Thairis sin, níor roinneadh leis na Ballstáit dréachtaí de théacsanna dlíthiúla lena mbeidh gealltanais cheangailteacha ó na Ballstáit i gceist, go háirithe an dréacht-Chomhaontú maidir le Soláthar Comhpháirteach, an dréacht-Ghlao, agus an dréacht-Chomhaontú Óstála.*

*Cé go bhfuil siad tiomanta don amlíne uaillmhianach fhoriomlán chun Gigeamhonarchana IS a bhaint amach, tá tuilleadh ama ag teastáil ó na Ballstáit chun meastóireacht a dhéanamh ar na téacsanna sin agus chun a áirithiú go ndéanfaidh na Gigeamhonarchana a ndéanann na Ballstáit gealltanais cheangailteacha ina leith sonraíochtaí teicniúla agus slándála atá ábhartha dóibh chomh maith leis na téarmaí maoiniúcháin is fearr leo a ionchorprú go cuí*